# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An tSraith Shóisearach, 2025

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Spáinnis

# Comhleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA SRAITHE SÓISEARAÍ SPÁINNIS

**SCÉIM MHARCÁLA**
**Móriomlán na Marcanna: 360**

**Socruithe Réasúnta:**

**Nuair a bhronntar scríobhaí, téipthaifeadán nó ríomhaire le seiceálaí litrithe ar iarrthóir agus nuair a bhaintear úsáid as an gcuidiú sin, nó nuair a bhronntar tarscaoileadh litrithe agus gramadaí ar an iarrthóir cuirfear leagan mionathraithe den Scéim Mharcála seo i bhfeidhm ar roinn Scríofa na Teanga den pháipéar seo.**
**(Féach Aguisín 1)**

**TABHAIR FAOI DEARA:**

Agus an scéim mharcála seo á léamh, ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

- Léiríonn **tulslais /** roimh fhreagra go bhfuil an freagra comhchiallach leis an gceann a tháinig roimhe nó gur freagra malartach é. Ní féidir glacadh le freagraí a bhfuil tulslais eatarthu mar fhreagraí éagsúla, mar sin.

- Léiríonn **fleasc -** roimh fhreagra gur freagra ann féin é, a d'fhéadfaí a mheas mar fhreagra nach bhfuil baint aige le haon fhreagra molta eile ar an gceist.

- Léiríonn **lúibíní cruinne** ( ) ábhar nach meastar a bheith riachtanach chun marcanna iomlána a bhaint amach.

- Léiríonn **lúibíní cearnacha** [ ] briseadh síos ar na marcanna laistigh den cheist nó cuirtear níos mó soiléiriú chun go mbronnfar marcanna ar fhreagraí áirithe ar an gceist sin.

- Tá eolas <u>**a bhfuil líne faoi**</u> **riachtanach** chun an marc/na marcanna a bhaint amach.

- I Roinn B ní bhronnfar marcanna ach ar **aidiachtaí** atá scríofa leis an ainmfhocal ceart i.e.an t-ainmfhocal a **cháiliú** – féach <u>faoi líne</u> sa scéim mharcála.

- Ba **cheart freagraí** cealaithe a chur san áireamh sa chás nár tugadh aon fhreagra eile.

- **N.B. Maidir le gach Roinn den scrúdú, níor chóir a mheas nach féidir glacadh le haon fhreagra ach amháin na freagraí a thugtar ar an scéim mharcála. Is féidir glacadh le freagraí atá comhchiallach nó coibhéiseach leis na cinn ar an scéim mharcála fhoilsithe chomh maith.**

- **Freagraí sa teanga mhícheart**
  I Roinn A agus/nó B, nuair a thugann iarrthóir freagra **sa teanga mhícheart** (i.e. Spáinnis seachas Gaeilge/nó a mhalairt), cuirfear na pionóis seo a leanas i bhfeidhm:

- Nuair a fhreagraítear an **cheist iomlán** sa teanga mhícheart, marcáil de réir na scéime mharcála í agus bronn 50% de na marcanna a bhaintear amach.
- Nuair atá fo-mhír amháin nó níos mó, ach nuair nach bhfuil gach ceann, freagartha sa teanga mhícheart, bronn 0m ar na cinn a freagraíodh sa teanga mhícheart.
- Má fhreagraítear ceisteanna sa dá theanga, ba cheart marcanna a bhronnadh le haghaidh na teanga cirte de réir na scéime mharcála agus neamhaird a thabhairt ar an teanga mhícheart.

**Ceisteanna ilrogha:**

- Nuair atá tic curtha ar dhá fhreagra agus níl siad cealaithe = 0 marc
- Nuair atá tic curtha ar dhá fhreagra agus tá 1 freagra cealaithe, glac leis an bhfreagra nach bhfuil cealaithe.
- Nuair atá freagra amháin tugtha agus tá sé cealaithe, glac leis mar fhreagra.

*Agus an scéim mharcála á forbairt, ba chóir aird a thabhairt ar an méid seo a leanas:*

- *I go leor cásanna ní thugtar ach príomhfhrásaí ina bhfuil faisnéis agus smaointe a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.*
- *Níl na tuairiscí, modhanna ná sainmhínithe a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile.*
- *Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh riachtanais agus leithdháileadh na marcanna athrú ó bhliain go bliain, dá réir sin.*
- *Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.*

**Nótaí mínithe a úsáidtear sa mharcáil**

Ní thugtar nótaí mínithe sna freagraí uile.

| Nóta Mínithe | Brí |
|---|---|
| // | Deireadh an phointe a aithint |
| [ | Tús an phointe lascainithe |
| ] | Deireadh an phointe lascainithe |
| ✓ | Ábhar feicthe ag an scrúdaitheoir |
| ⌇ | Leathanach bán |
| MMS | Scéim Mharcála Mhionathraithe curtha i bhfeidhm |

| Roinn A | Cluastuiscint | 140 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1:** **20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | √ bolera | **5m** |
| (b) | √ en coche | **5m** |
| (c) | √ tenis | **5m** |
| (d) | √ verdadero | **5m** |

**Ceist 2:** **20 marc**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | √ piso | **5m** |
| (b) | √ simpáticas | **5m** |
| (c) | √ verdes | **5m** |
| (d) | √ tocar música | **5m** |

**Ceist 3:** **16 mharc**

| | | |
|---|---|---|
| (a) | √ Santiago de Compostela | **4m** |
| (b) | √ tres horas y media | **4m** |
| (c) | √ verdadero | **4m** |
| (d) | √ la segunda planta | **4m** |

**Ceist 4:** **12 mharc**

(a) **Ceann amháin** díobh seo: - tinneas cinn
- teocht **3m**

(b) Mata **3m**

(c) - dian
- (tugann) sé barraíocht obair bhaile [**3+3m**] **6m**

[obair bhaile=2m]

**Ceist 5:** **13 mharc**

(a) Dé Céadaoin, 15, Meán Fómhair [**3+1+1m**] **5m**
[An chéad fhreagra ceart = 3m]

(b) **Ceann amháin** díobh seo: - mála
- mála droma **1m**

(c) **Trí** cinn díobh seo: - pinn
- pinn luaidhe
- cásanna pinn luaidhe
- marcóirí
**[2+1+1m]** **4m**

[An chéad fhreagra ceart = 2m]

(d) (ag) deireadh na míosa seo **3m**

**Ceist 6:** **14 mharc**

(a) Iarthar **2m**

(b) - gaotha laga/éadroma
- Íosteochtaí/teochtaí is ísle (teocht) 18 (céim) **[3+3m**] **6m**

[gaotha/gaofar =2m]

[18 (céim)=2m]

(c) - spéartha glana
- an-ghrianmhar **[3+3m**] **6m**

[grian/grianmhar = 2m]

**Ceist 7:** **18 marc**

(a) - ardán/balcóin
- scáth **[3+1m]** **4m**

[An chéad fhreagra ceart = 3m]
[scáth gréine = 0m]

(b) sailéad measctha **4m**

[sailéad = 3m]

(c) - sicín rósta
- sceallóga **[3+3m]** **6m**

[sicín=2m]
[prátaí = 2m]

(d) fíon dearg **4m**

[fíon=3m]

**Ceist 8:** **27 marc**

(a) (An) tseachtain dheireanach de mhí Iúil **3m**
(b) 5 (mhac léinn) sa rang **3m**
(c) - (an-) tóir air
- sábháilte
- radhairc iontacha ar an Aigéin Chiúin/ar an aigéan/ar an bhfarraige **[3+1+1m**] **5m**

[An chéad fhreagra ceart = 3m]

(d) eolas (a chur) ar an gcultúr agus Spáinnis a chleachtadh **3m**

(e) daoine ar maith leo eachtraíocht **3m**
(f) - spórt
- ficheall
- (ceardlanna) drámaíocht **[3+2+2m]** **7m**

[An chéad fhreagra ceart = 3m]

(g) ar líne/idirlín **3m**

| Roinn B | Léamhthuiscint | 140 marc |
|---|---|---|

**Ceist 9:** **8 marc**

| Letra | Número | |
|---|---|---|
| **A** | 6 | **1m** |
| **B** | 8 | **1m** |
| **C** | 7 | **1m** |
| **D** | 3 | **1m** |
| **E** | 1 | **1m** |
| **F** | 2 | **1m** |
| **G** | 5 | **1m** |
| **H** | 4 | **1m** |

**Ceist 10:** **12 mharc**

| | NÚMERO | |
|---|---|---|
| a) Enviar mensajes | **6** | **2m** |
| b) Hacer alpinismo | **1** | **2m** |
| c) Jugar al ping-pong | **5** | **2m** |
| d) Pintar cuadros | **2** | **2m** |
| e) Planchar la ropa | **3** | **2m** |
| f) Levantar pesas | **4** | **2m** |

**Ceist 11:** **25 marc**

(a) **Ceann amháin** díobh seo a leanas: - (la) Playa del Tajo
- Málaga **5m**

(b) (el) jueves, 23, (de) junio **[2+2+1m]** **5m**

[An chéad fhreagra cheart = 2m]

(c) <u>a las</u> diez de la noche **5m**

[diez de la noche = 3m]

[a las diez= 3m]

[diez = 1m]

(d) **Dhá** cheann díobh seo: - actuaciones
- música *nó* DJs
- fuegos artificiales **[5+5m]** **10m**

**Ceist 12: 19 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | príomhdhoras an stáisiúin thraenaigh | | **3m** |
| (b) | rinne (sí) dearmad an t-aláram (a shocrú) | | **4m** |
| (c) | anois díreach<br>[anois = 1m] | | **2m** |
| (d) | - rollóg/ceapaire<br>- caife<br>[An chéad fhreagra ceart = 3m] | **[3+1m]** | **4m** |
| (e) | ticéid ceolchoirme/ Rosalía | | **2m** |
| (f) | - cuairt a thabhairt ar músaem<br>- cártaí poist a cheannach | **[2+2m]** | **4m** |

**Ceist 13: 21 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | El Palmar/baile, bruachbhailte Murcia | | **3m** |
| (b) | **Dhá cheann** díobh seo: - an-ard<br>- saigheas láidir<br>- beagán tanaí<br>[**Dhá cheann** díobh seo: ard/láidir/tanaí = 2+2m]<br>**[Teastaíonn an cáilitheoir ceart leis an ainmfhocal ceart]** | **[3+3m]** | **6m** |
| (c) | - gach/glúin dá chlann<br>- seanathair athartha<br>[chlann=2m]<br>[seanathair=2m] | **[3+3m]** | **6m** |
| (d) | inspioráid **(2m)** ó (bhí sé ina) pháiste **(1m)** | | **3m** |
| (e) | Cuireann (sé) ádh (air) i gcónaí | | **3m** |

**Ceist 14: 37 marc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | **Ceann amháin** díobh seo: - Andalusia<br>- oirdheisceart na Spáinne<br>[An Spáinn/oirdheisceart = 1m] | | **2m** |
| (b) | **Ceann amháin** díobh seo: - Araibis<br>- (ciallaíonn sé) túr faire<br>[túr = 1m] | | **2m** |
| (c) | - Ioslam<br>- Giúdachas<br>- Críostaíocht | **[2+2+2m]** | **6m** |

(d) **Ceann amháin** díobh seo: - bolcánach
- tur **4m**

(e) páirc théama **4m**

[páirc=2m]

(f) - prátaí
- iasc
- piobar dearg
- gairleog
- ola **[1+1+1+1+1m]** **5m**

(g) **Dhá** cheann díobh seo: - dian
- torthaí (agus) glasraí
- a fhástar i dtithe gloine **[4+4m]** **8m**

[torthaí/glasraí = 2m]

(h) chomh mór **(3m)**, (is gur féidir) é a fheiceáil ón spás **(3m)** **6m**

[mór = 2m]

**Ceist 15: 18 marc**

(a) idir Feabhra (agus) Márta **3m**

(b) - ildaite
- iontach **[2+2m]** **4m**

(c) - ceann (de na cinn) is tábhachtaí ar domhan
- tá na sráideanna (lán le) daoine/ceol/rithim **[2+2m]** **4m**

[daoine/ceol/rithim = 1m]

(d) - cath bláthanna
- damhsoirí **[2+2m]** **4m**

(e) prosesiún (a mhaireann) níos mó (ná) 15 uair **3m**

| Roinn C | Scríobh na Teanga | 80marc |
|---|---|---|

**Socruithe Réasúnta:**

**I Roinn C,Scríobh na Teanga, níor chóir pionós a ghearradh as earráidí litrithe agus gramadaí ar iarrthóirí ar bronnadh tarscaoileadh litrithe agus gramadaí orthu nó ar tugadh cead dóibh téipthaifeadán, scríobhaí nó ríomhaire le seiceálaí litrithe a úsáid. Ba cheart go dtugtar marcanna ar chumarsáid agus stór focal amháin. (Féach Aguisín 1)**

**Ceist 16:** **10 x 1 mharc + 10 marc**

**(a)** En casa siempre tengo que **poner** la mesa.

**(b)** En **julio** voy a trabajar en la tienda de mi tío.

**(c)** Cuando Juan era **estudiante** en la universidad estudiaba mucho.

**(d)** Nunca he **estado** en Latinoamérica.

**(e)** Hoy no me encuentro **bien**, estoy resfriado.

**(f)** Ayer fui a la **playa** con mis amigos Pedro y Marta.

**(g)** Esta semana José **está** de vacaciones en Cádiz.

**(h)** Durante el año de transición quiero hacer un intercambio **en** Pamplona.

**(i)** Tengo **hambre** porque no desayuné nada esta mañana.

**(j)** Mi hermano **es** carpintero en Huelva.

**Ceist 17** **30 marc**

Táthar ag súil go bhfreagróidh iarrthóirí **gach** pointe.
Bronn marcanna **don ábhar** do gach pointe aonair ar dtús agus ansin bronn marcanna **don chumas scríofa** ag úsáid an chritéir thíos:

Ábhar: **10** marc + Cumas Scríofa = **20** marc **30** marc

**ÁBHAR** **5 phointe x 2m = 10 marc**

Bronn marcanna do gach pointe aonair ag úsáid an chritéir thíos:

| Catagóir | Cion | Marcanna |
|---|---|---|
| **Barr** | • Ábhar soiléir agus ábhartha den chuid is mó<br>• Tá forbairt déanta ar an bpointe | **2m** |
| **Bun** | • Ábhar soiléir agus ábhartha go pointe áirithe<br>• Níl forbairt déanta ar an bpointe | **1m** |
| | • Ábhar doiléir/neamhábhartha | **0m** |

**Cumas scríofa** **20 marc**

Chun teacht ar mharc le haghaidh cumas scríofa déan **breithiúnas uilíoch** maidir le húsáid na teanga mar a leanas: stór focal, aimsirí, inscne agus comhtheacht aidiachtaí, litrithe, forainmneacha, réamhfhocal, úsáid na diúltach, srl. de réir na gcritéar marcála seo a leanas.

Bronn marcanna don chumas scríofa foriomlán a léiríonn an t-iarrthóir i dtaca le gach pointe a freagraíodh.

- Ní mór na 5 phointe ar fad a fhreagairt chun marcanna a bhronnadh sa chatagóir ard - lean ar aghaidh go **Tábla B**.
- Má fhreagraítear níos lú ná 5 phointe féach ar **Thábla A** agus ansin lean ar aghaidh go **Tábla B** chun marcáil.

| **Tábla A** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Pointí a freagraíodh:** | 1 | 2 | 3 | 4 |
| **Uasmhéid marcanna bronnta:** | 4m | 8m | 12m | 16m |

| **Tábla B** | | |
|---|---|---|
| **Catagóir** | **Léiriú** | **Marcanna** |
| **Barr** | • Stór focal - saibhir agus nádúrtha b'fhéidir<br>• Briathra, aimsirí – ceart | **17 – 20m** |
| **An lár** | • Stór focal – an-mhaith<br>• Briathra agus aimsirí - ceart den chuid is mó | **10 – 16m** |
| **Níos airde** | • Stór focal – réasúnta maith<br>• Briathra agus aimsirí – mícheart den chuid is mó | **5 – 9m** |
| **Bun** | • Stór focal – teoranta<br>• Briathra agus aimsirí - teoranta | **1 – 4m** |
| | • Dothuigthe / neamhábhartha | **0m** |

**Ceist 18 40 marc**

Táthar ag súil go bhfreagróidh iarrthóirí **gach** pointe.
Bronn marcanna **don ábhar** do gach pointe aonair ar dtús agus ansin bronn marcanna **don chumas scríofa** ag úsáid an chritéir thíos:

Ábhar **16** mharc + Cumas Scríofa = **24** mharc **40** marc

**ÁBHAR** **8 bpointe x 2m = 16 mharc**

Bronn marcanna do gach pointe aonair ag úsáid an chritéir thíos:

| Catagóir | Cion | Marcanna |
|---|---|---|
| **Barr** | • Ábhar soiléir agus ábhartha den chuid is mó<br>• Tá forbairt déanta ar an bpointe | **2m** |
| **Bun** | • Ábhar soiléir agus ábhartha go pointe áirithe<br>• Níl forbairt déanta ar an bpointe | **1m** |
| | • Ábhar doiléir/neamhábhartha | **0** |

**Cumas scríofa** **24 marc**

Chun teacht ar mharc le haghaidh cumas scríofa déan **breithiúnas uilíoch** maidir le húsáid na teanga mar a leanas: stór focal, aimsirí, inscne agus comhtheacht aidiachtaí, litrithe, forainmneacha, réamhfhocal, úsáid na diúltach, srl. de réir na gcritéar marcála seo a leanas.

Bronn marcanna don chumas scríofa <u>foriomlán</u> a léiríonn an t-iarrthóir i dtaca le <u>gach</u> pointe a freagraíodh.

- Ní mór na <u>8 bpointe ar fad</u> a fhreagairt chun marcanna a bhronnadh sa chatagóir ard – lean ar aghaidh go **Tábla B.**
- Má fhreagraítear <u>níos lú ná 8 bpointe</u>, féach ar **Thábla A** agus ansin lean ar aghaidh go **Tábla B** chun marcáil.

| **Tábla A** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Pointí a freagraíodh:** | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 |
| **Uasmhéid marcanna bronnta:** | 6m | 7m | 9m | 11m | 13m | 15m | 18m |

**Tábla B**

| Catagóir | Léiriú | Marcanna |
|---|---|---|
| **Barr** | • Stór focal - saibhir agus nádúrtha b'fhéidir<br>• Briathra agus aimsirí - ceart | **19 – 24m** |
| **An lár** | • Stór focal – an-mhaith<br>• Briathra agus aimsirí - ceart den chuid is mó | **13 – 18m** |
| **Níos airde** | • Stór focal – réasúnta maith<br>• Briathra agus aimsirí – mícheart den chuid is mó | **7 – 12m** |
| **Bun** | • Stór focal – teoranta<br>• Briathra agus aimsirí - teoranta | **1 – 6m** |
| | • Dothuigthe / neamhábhartha | **0m** |

## AGUISÍN A hAON

## CÓIRÍOCHT RÉASÚNACH AGUS SCÉIM MHARCÁLA MHIONATHRAITHE

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- *Leagan taifeadta den obair scríofa.*
- *Ríomhaire le saoráid seiceála litrithe air á úsáid.*
- *Úsáid scríobhaí.*
- *Tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.*

### Roinn C Scríbhneóireacht

I Roinn C,Scríobh na Teanga, níor chóir pionós a ghearradh as earráidí litrithe agus gramadaí ar iarrthóirí ar bronnadh tarscaoileadh litrithe agus gramadaí orthu nó ar tugadh cead dóibh téipthaifeadán, scríobhaí nó ríomhaire le seiceálaí litrithe a úsáid. Ba cheart go dtugtar marcanna ar chumarsáid agus stór focal amháin. Ní ghearrfar pionós as litriú mícheart, ar nós síneadh fada atá in easnamh nó mícheart, agus gnéithe den ghramadach, ar nós foircinn na mbriathra agus comhtheacht aidiachtaí.

**Scrúdú na Sraithe Sóisearaí Spáinnis 2025 Script CD**

**Pregunta 1**

María: Vicente, ¿qué vas a hacer este sábado?

Vicente: Pues, quiero ir a la bolera con algunos amigos del barrio. ¿Quieres venir con nosotros?

María: Sí, pero es que, no puedo jugar muy bien.

Vicente: Eso no importa. Podemos ir en el coche de mi madre. Vamos, anímate María.

María: ¿A qué hora vais a volver a casa después? Es que, el sábado mi prima Ana viene a cenar con nosotros.

Vicente: Vamos a volver a las cinco, porque yo quiero ver el partido de tenis en la tele.

María: ¡Menos mal! No me quiero perder la visita de Ana.

Vicente: ¿Cómo es Ana?

María: Tiene catorce años, es divertida y algo loca. ¿A qué hora quedamos entonces?

Vicente: A las once y cuarto enfrente de la farmacia. ¿Te parece bien?

María: Vale, gracias ¡hasta el sábado!

**Pregunta 2**

Olivia: Andrés, ¿dónde vives?

Andrés: Pues vivo en un piso moderno en el centro de Madrid con mi familia. Somos cinco – mi padre, mi madre, mis dos hermanas y yo.

Olivia: Qué bien. ¿Cómo se llaman tus hermanas?

Andrés: Mis hermanas se llaman Sofía y María, son muy simpáticas. Tienen trece años y tienen el mismo cumpleaños porque son gemelas.

Olivia: ¡Ah sí! y ¿son altas o bajas tus hermanas?

Andrés: Son altas y morenas con los ojos verdes.

Olivia: ¿Te llevas bien con ellas?

Andrés: Sí, normalmente me llevo bien con mis hermanas. De carácter son muy cariñosas, pero somos diferentes. A ellas les gusta mucho tocar música, pero a mí, me encantan los deportes acuáticos.

Olivia: Estupendo, gracias Andrés.

**Pregunta 3**

Atención, señores pasajeros, el vuelo de Iberia IB siete-ocho-dos con destino Santiago de Compostela saldrá con tres horas y media de retraso.

Sentimos mucho informarles que hay un problema técnico con el avión y otro avión viene de Barcelona para llevarlos a su destino.

Les ofrecemos una comida gratis en el restaurante que está en la segunda planta.

Sentimos las molestias y gracias por su atención.

**Pregunta 4**

Manolo: ¡Mamá! No puedo ir al colegio hoy.

Mamá: ¿Qué te pasa Manolo?

Manolo: Es que me duele mucho la cabeza y tengo fiebre.

Mamá: ¡A ver! Aquí tengo el termómetro, pero yo te veo bien.

Manolo: ¡Vale, mamá!

Mamá: Pero, hoy tienes un examen de matemáticas, ¿verdad?

Manolo: Sí, mamá.

Mamá: Y, ¿has repasado todos los apuntes para el examen?

Manolo: La verdad es que no, porque se me dan muy mal las matemáticas. Ya sabes que el profesor es muy estricto y nos da demasiados deberes.

Mamá: Pero Manolo, no estás enfermo y tienes que ir al colegio, ¡ya!

Manolo: ¡Vale! De acuerdo, mamá.

**Pregunta 5**

Señoras y señores, la vuelta al colegio es el miércoles, quince de septiembre y esta semana tenemos unas ofertas estupendas en nuestra papelería Ferrer.

Hay descuentos del treinta por ciento en las mochilas deportivas y escolares.

También hay ofertas en material escolar como bolígrafos, lápices, estuches y rotuladores.

Estas ofertas se pueden aprovechar aquí en la tienda, o en nuestra página web.

Todas estas ofertas terminan al final de este mes.

Gracias por visitar nuestra papelería hoy.

**Pregunta 6**

Pronóstico del tiempo para el fin de semana en el oeste de España.

Hoy, viernes, hay vientos débiles con temperaturas mínimas de dieciocho grados.

Mañana, sábado, hará calor con temperaturas máximas de veintiséis grados.

El domingo, habrá cielos despejados con mucho sol.

¡Qué pasen un buen fin de semana!

**Pregunta 7**

Camarero: Muy buenas tardes.

Clienta: Buenas tardes. ¿Tiene usted una mesa libre en la terraza? ¡pero en la sombra!

Camarero: Claro que sí, allí tenemos una. ¿Le parece bien?

Clienta: Sí, ¡perfecto!

Camarero: ¿Qué va a tomar?

Clienta: Pues, de primero, una ensalada mixta.

Camarero: ¿Y de segundo?

Clienta: Umm, pollo asado con patatas fritas.

Camarero: Vale. ¿Quiere postre? El pastel de chocolate está para chuparse los dedos.

Clienta: Sí, ¡por qué no!

Camarero: ¿Y para beber?

Clienta: Un vino tinto.

Camarero: Fantástico, gracias, señora.

**Pregunta 8**

Ven a Perú para aprender español la última semana de julio.

Vas a recibir mucha atención personalizada porque hay un máximo de cinco estudiantes por clase.

Nuestra escuela está situada en el barrio de Miraflores.  Miraflores es un barrio muy popular y seguro, y tiene increíbles vistas al Océano Pacífico.

**Pausa**

En lugar de quedarte en un hotel, sería mejor alojarte con una familia peruana para conocer la cultura del país y practicar tu español.

Recomendamos el viaje a Machu Picchu a los que les gusta la aventura.  Machu Picchu es una ciudad Inca a casi dos mil quinientos metros de altura.

Además de esta aventura, hay un programa de actividades extracurriculares como deporte, ajedrez y talleres de drama.

Se puede encontrar más información en nuestra página web.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d’iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos.**

## *Tábla 360 @ 5%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 360 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 270 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mhairc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 271 - 273 | 13 |
| 274 - 280 | 12 |
| 281 - 286 | 11 |
| 287 - 293 | 10 |
| 294 - 300 | 9 |
| 301 - 306 | 8 |
| 307 - 313 | 7 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 314 - 320 | 6 |
| 321 - 326 | 5 |
| 327 - 333 | 4 |
| 334 - 340 | 3 |
| 341 - 346 | 2 |
| 347 - 353 | 1 |
| 354 - 360 | 0 |